# Cairt an Choiste Nuachta agus Cúrsaí Reatha

| **Ainm an Choiste** | An Coiste Nuachta agus Cúrsaí Reatha |
|---|---|
| **Fad na hOibre:** | **2024 -** Go dtí go mbeidh an tseirbhís nua bunaithe agus ag feidhmiú.<br>Le hathreithniú ansin ag Bord TG4. |
| **Cathaoirleach an choiste**: | Mairéad Ní Nuadháin |
| **Rúnaí** | Deirdre Ní Choistín |

**Cuspóir an Choiste Nuachta agus Cúrsaí Reatha**

- Tacú le Bord agus foireann TG4 straitéis nuachta agus cúrsaí reatha a fhorbairt agus a athshamhlú chun seirbhís nua nuachta faoi cheannas eagarthóireachta neamhspleách TG4 a bhaint amach mar atá molta i dTuarascáil Choimisiún um Thodhchaí na Meán.
- Is éard atá i Moladh 7.1 de Thuarascáil Choimisiúin um Thodhchaí na Meán ná:

*"Ba chóir go mbeadh ceannas neamhspleách eagarthóireachta ag TG4 ar a sheirbhís nuachta. Trí sin, beidh iolracht níos fearr i gceist maidir leis an gclúdach nuachta agus cuirfear ar chumas TG4 seirbhís feabhsaithe a chur ar fáil dá lucht féachana."*

**Aidhmeanna**

- Straitéis do sheirbhís nuachta ilmheán nua faoi cheannas eagarthóireachta TG4 atá dírithe ar phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge ar gach ardán a aontú agus é sin a bheith ceadaithe ag Bord TG4.
- A chinntiú go n-aontófar agus go gcloífear le sprioc am a leagfar síos don mhórathrú seo.
- Go mbeidh an tseirbhís nua athfhorbartha ina seirbhís ar ardchaighdeán cruinnis ó thaobh ábhar agus teanga agus ag freastal ar mhianta agus ar spéiseanna phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge chomh maith le haon duine eile ar suim leo nuacht agus cúrsaí reatha trí Ghaeilge.
- Go bhfaighe an coiste osradharc ar na dúshláin a bhaineann leis an mhórathrú seo (san áireamh caidreamh foirne agus bainistiú athruithe, srl) agus ar na céimeanna atá á dtógáil leis na rioscaí a chealú nó a mhaolú a oiread agus is féidir.
- Go seasfadh an straitéis nua an aimsir agus go mbeadh sí fad-radharcach, ag teacht le hathruithe i nósanna an lucht féachana.
- Roghanna éagsúla do sheirbhís ilardáin agus deachleachtais atá in úsáid ag seirbhísí eile meán a mheas agus an straitéis á fhorbairt.
- Monatóireacht a dhéanamh ar an tseirbhís nua le cinntiú go bhfuil sé ag teacht leis an straitéis nua agus aiseolas dá réir a thabhairt.

**Scóip**

- Beidh sé d'údarás ag an gcoiste nuachta agus cúrsaí reatha fiosrúcháin a dhéanamh ar ábhair laistigh dá scóip freagrachta, faisnéis nó aon eolas cuí eile a lorg agus a

| |
|---|
| fháil ó fhoireann TG4 nó saineolas seachtrach a lorg má cheaptar go bhfuil sé riachtanach.<br>• Cuideoidh an coiste nuachta agus cúrsaí reatha le Bord TG4 a bhfreagrachtaí maoirseoireachta a chomhlíonadh i leith na nuachta agus cúrsaí reatha ar TG4. |

| Comhdhéanamh an Choiste Nuachta agus Cúrsaí Reatha |
|---|
| • Tá ceathrar ball ar an gcoiste nuachta agus cúrsaí reatha, ceaptha ag Cathaoirleach an Bhoird Anna Ní Ghallachair.<br>• Tá triúr ball de Bhord TG4 ar an gcoiste, is iad sin: Mairéad Ní Nuadháin, Seán Ó Cuirreáin agus Seán Ó Domhnaill (atá ina ionadaí foirne ag TG4 ar an mbord.)<br>• Tá Ceannasaí Nuachta agus Cúrsaí Reatha TG4, Deirdre Ní Choistín ar an gceathrú ball den choiste. |

| Cruinnithe |
|---|
| • Gach dara mí in 2024. Uair sa ráithe ó 2025 ar aghaidh.<br>• D'fhéadfaí na cruinnithe a reáchtáil i bpearsan i gceannáras TG4 nó ar zúm. |

| Freagrachtaí a bhaineann le Tuairisciú agus Comhlíonadh |
|---|
| • Miontuairiscí le cur le chéile ag rúnaí an choiste, a aontófar leis an gcoiste agus a sheolfar ar aghaidh chuig Bord TG4. |

| Cumarsáid an Choiste |
|---|
| • Is féidir leis an gcoiste cumarsáid a dhéanamh lena chéile ar ríomhphost nó ar an teileafón. B'fhearr go mbeadh gach duine ar an bhfochoiste ar an eolas faoi chumarsáid idir na baill.<br>• Caipéisí le roinnt ar Decision Time. |